Agóid i bPobalscoil Chorca Dhuibhne

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaltaí scoile a dhiúltaigh dul isteach i ranganna de bharr pholasaí na Gaeilge sa scoil. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An síleann tú gur cheart don Ghaeilge a bheith riachtanach ar scoil?
Cén tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a choinneáil beo sa tír seo, dar leat?
An labhraíonn tú féin Gaeilge taobh amuigh den rang?

Ceist 2 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi agóid i scoil sa Daingean. Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. Ansin abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.

Ráiteas	**Fíor/Bréagach**
1. Dhiúltaigh daltaí scoile dul isteach i ranganna inniu	
2. Dhiultaigh os cionn dhá chéad daltaí freastal ar ranganna	
3. Níl conspóid tarraingthe ag polasaí Gaeilge na scoile seo	
4. D'fhan móramh na ndaltaí sna ranganna in ainneoin na hagóide	
5. Níl na tuismitheoirí deighilteach ar an ábhar seo	
6. Tá foireann na scoile ag déanamh a díchill oideachas den scoth a chur ar na daltaí	
7. Ta móramh an-mhór de na daltaí seo tar éis a rá go bhfuil fadhbanna acu	
8. Tá cuid mhór ó bhunadh na Gaeltachta i measc na ndaltaí san agóid	
9. Deir na daltaí go gcuirfidh siad stop leis an agóid amárach	

Ceist 3 Anois éist leis an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. *some students*: _____
2. *objection*: _____
3. *controversy*: _____
4. *seperated*: _____
5. *despite*: _____
6. *majority*: _____
7. *the best*: _____
8. *excellent*: _____
9. *disappointment*: _____
10. *minority:* _____

Ceist 4 ‘Cuireann sé díomá leis *orainn*. . .’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal atá sa chló Iodálach thuas? Pleigh é seo leis an duine in aice leat agus mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir leat.

Anois roghnaigh an forainm réamhfhoclach ceart do na bearnaí sna habairtí thíos.

1. Tá eagla (é) _____.
2. Tá bia ag teastáil (mé) _____.
3. Theip (í) _____ sa scrúdú.
4. D’éirigh (é) _____ sa scrúdú.
5. Tá brón (mé) _____ faoi sin.
6. Is fuath (iad) _____ brúitíní.
7. Bhí mé ag gearán (tú) _____.
8. Is gá (you pl.) _____ sin a dhéanamh.
9. Bain (tú) do chóta _____.
10. Tá tinneas cinn (muid) _____.

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Má tá scoil i gceantar Gaeltachta ar cheart go mbeadh an t-oideachas trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, dar leat?
Sa chás seo sa Daingean tá móramh na ndaltaí sásta leis an pholasaí Gaeilge sa scoil, cad é an réiteach atá ann don mhionlach nach bhfuil sásta?
Ar cheart don Ghaeilge a bheith éigeanntach i mbunscoileanna agus i meánscoileanna?
Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Ráiteas	**Fíor/Bréagach**
1. Dhiúltaigh daltaí scoile dul isteach i ranganna inniu	Fíor
2. Dhiúltaigh os cionn dhá chéad daltaí freastal ar ranganna	Bréagach
3. Níl conspóid tarraingthe ag polasaí Gaeilge na scoile seo	Bréagach
4. D'fhan móramh na ndaltaí sna ranganna in ainneoin na hagóide	Fíor
5. Níl na tuismitheoirí deighilte ar an ábhar seo	Bréagach
6. Tá foireann na scoile ag déanamh a díchill oideachas den scoth a chur ar na daltaí	Fíor
7. Ta móramh an-mhór de na daltaí seo tar éis a rá go bhfuil fadhbanna acu	Bréagach
8. Tá cuid mhór ó bhunadh na Gaeltachta i measc na ndaltaí san agóid	Bréagach
9. Deir na daltaí go leanfaidh siad ar aghaidh leis an agóid amárach	Fíor

Ceist 3
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

some students:	roinnt daltaí
objection:	agóid
controversy:	conspóid
seperated:	deighilte
despite:	in ainneoin
majority:	móramh
the best:	den scoth
excellent:	ar fheabhas
disappointment:	díomá
minority:	mionlach

Ceist 4
Forainmneacha réamhfhoclacha atá i gceist.

Tá eagla air.
Tá bia ag teastáil uaim.
Theip uirthi sa scrúdú.
D'éirigh leis sa scrúdú.
Tá brón orm faoi sin.
Is fuath leo brúitíní.
Bhí mé ag gearán fút.
Is gá daoibh sin a dhéanamh.
Bain díot do chóta.
Tá tinneas cinn orainn.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Dhiúltaigh roinnt daltaí scoile de chuid Phobalscoil nua Chorca Dhuibhne, sa Daingean, i gCo Chiarraí a dhul isteach ar scoil inniu mar agóid in aghaidh pholasaí Gaeilge na scoile. Dúirt na daltaí go bhfuil an t-oideachas as Gaeilge ag cur as dá gcuid oideachais. Dúirt príomhoide na scoile áfach nach raibh ach roinnt bheag daltaí tar éis a ndeacrachtaí leis an nGaeilge a ardú roimh agóid an lae inniu. Tá an scéal ar fad ag Tomás Ó Mainnín.

Tomás Ó Mainnín
Le linn an lae inniu dhiúltaigh os cionn céad dalta dul isteach i ranganna i bpobalscoil nua Chorca Dhuibhne. Tá polasaí Gaeilge i bhfeidhm sa scoil rud a dúirt cuid de na daltaí seo nach n-aontaíonn siad leis. De bharr iad a bheith faoi aois nílimid a n-aithint, ach thug tuismitheoirí cead do bheirt acu labhairt linn. Duine acu sin atá tagtha ón Ghearmáin.

Sam Spinn
Tá píosa beag gaolainne agam ach níl na focail agam ná an tuiscint agam chun foghlaim gach rud a fhoghlaim* trí Ghaeilge.

Dubhaltach Ó Treasaigh
Tá a lán daltaí míshásta leis agus tá agus is féidir leat é sin a fheiceáil anseo. Tá céad is fiche dalta amuigh** anseo agus (you know) tá a lán daltaí istigh sa scoil freisin atá míshásta.

Tomás Ó Mainnin
Tá conspóid tarraingte ag polasaí na scoile le déanaí le cruinnithe poiblí a chíoradh agus tuismitheoirí deighilte ar an ábhar. In ainneoin na hagóide*** inniu tá móramh na ndaltaí ag fanacht sna ranganna.

Pádraig Feirtéar
Is mór an trua go deo go bhfuil leanaí a tharraingt isteach sa scéal seo. Tá muidinne, múinteoirí na scoile seo agus foireann na scoile seo ag déanamh gach aon ní chun oideachas den scoth agus oideachas ar fheabhas a chur ar na scoláirí. Cuireann sé díomá leis orainn, abair, nach bhfuil ach mionlach an-bheag de na daltaí seo tar éis a rá linne go bhfuil fadhbanna acu. Agus go bhfuil go leor, go bhfuil roinnt daltaí de bhunadh na Gaeltachta féin ina measc inniu agus nuair a chuirim ceist orthu cad ina thaobh a bhfuil siad ann, níl aon fhadhb acu féin.
Deir na daltaí go leanfaidh siad lena n-agóid amárach.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, sa Daingean.

**lán a fhoghlaim trí Ghaeilge* a deirtear
***amach* a deirtear
****in ainneoin an agóid* a deirtear